

Targaireacht Ioel

Deir Naomh Ierom go gciallaíonn an focal “Ioel” “an Tiarna Dia”. Deir daoine eile go gciallaíonn sé “túirleacan an Tiarna”. Bhí Ioel ag targaireacht i ríocht Iúda timpall na haimsire céanna ’na raibh Osee ag targaireacht i ríocht Israél. Ínseann sé roim ré, fé shamhaltas, na huilc mhóra a bhí le teacht ar na daoine mar gheall ar a bpeacaíbh. Cómhairlíonn sé iad chun aithrí. Agus cuireann sé sólas orthu dhá ínsint dóibh go raibh teagascóir fíoraontachta le teacht, .i. Íosa Críost ár dTiarna, agus go dtiocfadh an Sprid Naomh anuas.

Caib. a hAon

An fáidh ag ínsint na mbreitheanna a bhí le teacht ar na daoine, agus é dhá iarraidh orthu troscadh agus úrnaithe ’ dhéanamh.

1 Briathar an Tiarna a tháinig chun Ioel mac Phatuel. 2 Éistidh leis seo, a sheandaoine, agus tugaidh cluas, a lucht cónaithe na tíre go léir. Ar thit so amach riamh, ’núr laethibhse, nú i laethibh úr n-athrach? 3 Ínsidh so dúr gcláinn, agus ínsadh úr gclann dá gcláinn é, agus a gclann san do ghlúin eile. 4 Tá ar fhág an luschnuimh¹ ite ag an lócast; agus tá ar fhág an lócast ite ag an mbrúchus; agus tá ar fhág an brúchus ídithe ag an milcheó.

5 Dúisidh, a lucht meisce. Bídh ag gol agus ag cáí, a lucht áthais d’fháil i bheith ag ól an fhíona atá milis, óir tá an fíon milis scartha lenúr mbéal. 6 Óir tá treabhchas tagaithe aníos ar mo thír, treabhchas láidir dí-áirimh. Táid a fhiaccla mar ’ bheadh fiaccla leóin, agus a chúilfhiaccla mar ’ bheadh fiaccla cait leóin. 7 Tá m’fhíonghort scriosta aige, agus tá an choirt bainte de m’olachrann aige. Do nocht sé lom é agus chaith sé uaidh é. Do gealadh a ghéaga.

8 Dein buairt ar nós maighdine a bheadh criosaithe le héadach ruainnigh i ndiaigh fir pósta a hóige. 9 Tá íbirt agus ofráil dí scartha le tigh an Tiarna: táid na sagairt, seirbhísigh an Tiarna, go dúbhach. 10 Tá an dúthaigh scriosta, tá brón ar an ithir: óir tá an t-arbhar loitithe, an fíon curtha ar mearaí, an ola gan neart. 11 Tá mearaí ar lucht saothraithe na talún, lucht saothraithe na bhfíonghort ag blaidhthriugh mar gheall ar an gcrithneacht agus ar an eórnain, óir tá fómhar an mhachaire ar ceal. 12 Tá an fíonghort curtha ar mearaí agus an crann ola* gan neart: agus an crann failme feóchta, agus an crann gránúll agus an crann abhall, agus crainn uile an mhachaire: óir tá áineas scartha le cláinn daoine.

13 Criosaídh sibh féin, a shagartaibh*, agus bídh ag caoineadh, bídh ag blaidhthriugh, a lucht friothála na haltórach. Imídh isteach, luídh in éadach ruainnigh, a lucht friothála ar mo Dhia, óir tá íbirt agus líbátio scarta le tigh úr nDia. 14 Naomhaídh troscadh dhíbh féinig. Glaeidh cruinniú daoine: bailídh i dteannta ’ chéile na seanóirí lucht cónaithe uile na dútha, isteach i dtigh úr nDia, agus bídh ag glaoch ar an dTiarna: 15 Á, á, á, don lá! Óir tá lá an Tiarna buailte linn, agus tiocfaidh sé ar nós íde ón gcómhachtach. 16 Ná fuil, os cómhair úr súl, úr mbia imithe, áineas agus áthas ó thigh úr nDia? 17 Táid na beithígh tar éis lobhadh ’na n-otrach, táid na sciobóil ídithe, táid na tithe stóir briste ar lár mar tá an t-arbhar amú. 18 Cad fé ndéar an beithíoch a bheith ag búirthigh? Cad ’na thaobh do sna buaibh bheith ag géimrigh? Mar níl aon fhosaíocht ann dóibh. ’Sea agus táid na caoire go léir tar éis bháis.

19 Chútsa, a Thiarna, a bhead ag éamh, óir táid áiteanna breátha an fhiantais ite ag tine agus do loisc an lasair crainn uile na dútha. 20 ’Sea agus táid beithígh an mhachaire ag féachaint suas

1 Caib. 1. véar. 4. “Ar fhág an luschnuimh”. Tuigid drong an chainnt sin i dtaobh an íde a dheinid na piastaí sin ar an dúr. Tuigid drong eile go dtráchtann an chainnt ar an scrios a deineadh na Caldéigh, agus namhaid eile mar iad, ar an dúr.

chútsa mar ' fhéachann iomaire garraí a bhíonn ag tnúth le fearthainn. Óir táid na toibreacha uisce i ndísc, agus do loisc tine áiteanna breátha an fhiantais.

Caib. a Dó

Targaireann an fáidh lá éachtach an Tiarna. Cómhairlíonn sé do pheacachaibh iompáil dáiríribh ar an dTiarna, agus cuireann sé sólas ar phobal Dé ag geallúint tabharthaistí le teacht dóibh, fé Chríost.

1 Séididh an trúmpana i Síon. Deinidh liú ar mo chnuc naofa. Bíodh lucht cónaithe uile na tíre ag crith; óir tá lá an Tiarna² ag teacht, óir tá sé i ngar dúinn, 2 lá doircheachta agus gruamachta, lá scamall agus gaoithe guarnain: pobal líonmhar láidir³ mar an mhaidean ar na sléibhtibh. Ní raibh a leithéid eile ann ó thosach ná ní bheidh a leithéid eile 'na dhiaidh i gcaitheamh na mblianta ó shliocht go sliocht. 3 Tine chraosach roimis amach agus lasair ag loscadh 'na dhiaidh, an tír mar ' bheadh gáirdín áineasa roimis; uaigneas scriosta 'na dhiaidh, agus gan aon duine ábalta ar dhul uaidh. 4 Iad ar nós eachtra 'na dheallramh, agus beid siad ag rith ar nós marcach. 5 Beidh siad ag léimrigh ar nós fothraim carbat ar bharráibh sléibhte, ar nós fothraim lasrach tine ag ithe an choínligh, ar nós phobail chómhachtaigh ollamh chun catha ' thabhairt. 6 Beid na daoine i nguais go cruaidh 'na láthair. Beidh an uile ghnúis mar ' bheadh citeal. 7 Beid siad ag rith, mar ' bheadh fir chróga beid siad ag dul in áirde ar an bhfalla. Beid na fir ag gluaiseacht, gach fear ar a chosán féinig, agus ní iompóid siad i leataoibh óna ranguibh. 8 Ní bheidh éinne ag brú ar a bhráthair. Siúlóid siad gach duine 'na bhóthar féinig: 'sea, agus beid siad ag titim trí sna finneógaibh agus ní ghlacfaid siad aon dochar. 9 Tiocfaid isteach isteach sa chathair. Beid siad ag rith fan bharr an fhalla, Beid siad ag drapadóireacht suas ar na tithibh. Beid siad ag teacht isteach trí sna finneógaibh mar ' bheadh bithiúnach. 10 An talamh ag crith 'na láthair, na spéartha dá suathadh; an ghrian agus an ghealach tar éis dorchú, agus na réiltíní tar éis a gcuid solais do tharrac siar. 11 An Tiarna tar éis a ghutha do labhairt os cómhair a shló, óir is mór iad thar na beartaibh a shlóite, óir is láidir iad agus cuirid siad a bhriathar i bhfeidhm, óir is mór é lá an Tiarna, agus is ró-uathásach, agus cé ' fhéadfadh é ' sheasamh.

12 Anois, dá bhrí sin, adeir an Tiarna, iompaídh chúmsa lenúr gcroí go léir le troscadh agus le gol agus le dólás. 13 Agus bídh ag stracadh úr gcroíthe in inead úr gcuid éadaigh, agus iompaídh chun úr dTiarna Dia, óir tá sé ceannsa agus trócaireach agus foighneach agus lán d'atrua agus tugtha don olc a mhaitheamh. 14 Ca bhfios ná go n-iompóidh sé agus go dtabharfaidh sé maithiúnachas, agus go bhfágfaidh sé beannacht laistiar de, agus íbirt agus *libátio* chun úr dTiarna Dia. 15 Séididh an trúmpana i Síon, naomhaítear troscadh, cruinnítear cómthionól solmanta. 16 Bailídh na daoine i dteannta ' chéile. Naomhaídh an teampall. Cruinnídh na seanóirí. Bailídh an t-aos óg i dteannta ' chéile, agus na naíonna atá ag deól na gcíoch. Tagadh an nuachar amach óna leabaidh, agus an chéile amach as a seómra. 17 Idir an póirse agus an altóir beidh na sagairt, seirbhísigh an Tiarna ag gol, agus iad dhá rá: Leog saor, a Thiarna, leog saor do dhaoine agus ná tabhairt t'oidhreacht chun masla, an págánach a bheith i gcómhacht os a gcionn! Cad chuige go ndéarfí i measc na neinte: Ca bhfuil a nDia!

18 Tá an Tiarna thar éis díograis a ghlacadh ar son a thalún féinig. Do leog sí a dhaoine saor. 19 D'fhreagair an Tiarna agus duairt sé lena phobal: Féach cuirfeadsa chúibh arbhar agus fíon agus ola, agus líonfar sibh díobh, agus ní dhéanfadh a thuilleadh sibh a bheith ' núr masla i measc na ngeinte. 20 Agus aitreód i bhfad uaibh an namhaid seo thuaidh⁴. Agus comáinfead é isteach i dtír a bheidh do-ghabhálta uaigneach, agus beidh a aghaidh ar an bhfarraige thoir agus a

2 Caib. 2. véar. 1. "Lá an Tiarna", .i. an tráth 'na gcuirfidh sé ceart i bhfeidhm ar pheacachaibh.

3 Véar. 2. "Pobal líonmhar láidir", .i. na hAssúiríanaigh nú na Caldéigh. Tuigid drong eile gur slua lócaistí (ag scrios na dútha) iad san go léir.

4 Véar. 20. "An namhaid seo thuaidh". Tuigid drong gurb iad Holofernes agus a shlua iad. Dar le drong eile is iad na lócaistí iad.

dheireadh leis an bhfarraige is imeallaí, agus beidh a bhalaith bréag ag éirí, agus beidh a lofacht ag éirí, mar gur dhein sé go huaibhreach.

21 Ná bíodh eagal ort, a thír, bíodh áthas ort agus bí ag déanamh gáirdeachais, óir tá nithe móra déanta ag an dTiarna. 22 Ná bíodh eagal oraibh, a bheithíocha an mhachaire, óir táid áiteanna breátha an fhiantais tar éis péacadh. Tá a thoradh tabhartha ag an gcrann, tá a neart tabhartha uathu ag an gcrann fige agus ag an bhfiniúin. 23 Agus sibhse a chlann Shíoin, deinidh gáirdeachas agus bíodh áthas oraibh 'núr dTiarna Dia, óir tá teagascóir fíoraontachta tabhartha aige dhíbh, agus cuirfidh sé an fhearthainn luath agus an fhearthainn deirineach ag teacht anuas chúibh mar a bhí ar dtúis. 24 Agus beidh na húrláir lán de chrithneacht, agus beid na fáscadáin ag scéith fiona agus ola. 25 Agus tabharfadsa thar n-ais díbh na blianta atá ite ag an lócast agus ag an *mbrúchus* agus ag an ngaoth rua agus ag an luschnuimh: mó mhórshlua a chuireas uaim oraibh. 26 Agus beidh sibh ag ithe i lár flúirse, agus líonfar sibh. Agus beidh sibh ag moladh ainme úr dTiarna Dia atá tar éis iúnaí ' dhéanamh díbh. Agus ní curfar náire ar mo phobalsa go deó. 27 Agus beidh ' fhios agaibh mise ' bheith i lár Israél. Agus is mise úr dTiarna Dia, agus níl aon Dia eile ann. Agus ní curfar mearaí ar mo dhaoine go deó.

28 Agus titfidh amach 'na dhiaidh san go scaoilfead mo sprid amach ar gach uile fheoil: agus beid úr gclann mhac agus úr gclann iníon ag fáidheadóireacht. Beid taibhrithe dá ndéanamh dúr seanóiríbh agus beidh úr bhfir óga ag feiscint aislingí. 29 'Na theannta san scaoilfead amach mo spirid, in sna laethibh sin ar mo sheirbhíseachaibh agus ar mo chailíníbh, 30 agus taispeánfad iúnaí sa spéir agus ar talamh, fuil, agus tine agus ceó deataigh. 31 Beidh an ghrian iompaithe 'na doircheacht, agus an ghealach 'na fuil: sara mbeidh lá mór, lá scannrúil an Tiarna ag teacht. Agus beidh so amhlaidh: an uile dhuine do ghlaofaidh ar ainm an Tiarna sábhálfar é. Óir i gnucc Síoin agus i Ierúsalem a bheidh slánú, mar atá ráite ag an dTiarna, agus san iarma ar a nglaoifadh an Tiarna.

Caib. a Trí

Tabharfaidh an Tiarna breith ar na náisiúnaibh go léir i ngleann Iosaphait. Na huilc a thitfidh ar namhaid phobail Dé. Beannacht ó Dhia ar an Eaglais agus ar na naoimh.

1 Óir féach, in sna laethibh sin agus san aimsir sin 'na dtabharfadsa thar n-ais braighdineas Iúda agus Ierúsalem, 2 cruinneód i dteannta ' chéile na náisiúin go léir agus béarfad síos iad i ngleann Iosaphait agus déanfadh aighneas leo mar gheall ar mo dhaoine, agus mar gheall ar m'oidhreacht Israél, óir táid mo dhaoine agus m'oidhreacht scaipithe acu i measc na ngeinte, agus do roinneadar mo chuid tailimh. 3 Chuireadar mo dhaoine ar chrannchur. Chuireadar an buachaill isteach i dtigh na drúise agus dhíoladar an cailín ar fhíon i dtreó go mbeidís ag ól. 4 Ach cad í an bhaint atá agaibhse liom, a Thuíre, agus a Shíoin, agus a dhúthaigh uile na bhFilistíneach? An imreóidh sibh úr ndíoltas ormsa? Agus má imreann sibh úr ndíoltas ormsa cúiteóds a chothrom libh go luath i mullach an chinn oraibh féin. 5 Óir do thógúir chun siúil mo chuid óir agus mo chuid airgid, agus do rugúir libh isteach 'núr dteampallaibh mo nithe breátha luachmhara. 6 Agus bhíodh sibh ag díol clainne Iúda agus clainne Ierúsalem le clainn na nGréagach, i dtreó go n-aistreódh sibh iad i bhfad óna dtír féinig. 7 Féach tógfadsa suas iad ar na háiteannaibh 'nar dhíolúirse iad agus iompód úr gcúiteamh chúibh anuas ar úr gceannaibh féinig. 8 Agus díolfad úr gclann mhacsa agus úr gclann iníon trí lámhaibh clainne Iúda, agus díolfad siad iad leis na Sabéigh, treabhchas atá in imigéin, óir tá san ráite ag an dTiarna.

9 Fógraidh an ní sin i measc na ngeinte. Ollmhaídh cogadh. Músclaidh na daoine láidre. Tagaidís, bíodh na fir chogaidh go léir ag teacht do láthair. 10 Gearraidh úr suic céachta 'na gclaimhtibh. Deinidh gathanna dúr ráinníbh. Abradh an lag: Táimse láidir. 11 Brisidh amach agus tagaidh, a gheinte uile ón dtimpall, agus bailídh sibh féin i dteannta ' chéile: san áit sin is ea ' chuirfidh an Tiarna ' fhéachaint ar do dhaoineibh láidre go léir titim ar lár. 12 Éiríodh na geinte go léir agus

tagaidís go dtí gleann Iosaphait, óir san áit sin a shuífeadsa ag tabhairt breithe ar na geintibh go léir mórthímpall. 13 Cuiridh isteach na corráin óir tá an fómhar aibidh. Tagaidh agus téidh síos, óir tá an fáscadán lán. Táid na hárthaí ag scéith amach: óir tá a mallaitheacht tar éis iomadú. 14 Geinte, geinte, i ngleann na híde, óir tá lá an Tiarna i bhfogas i ngleann na híde. 15 Tá an ghrian agus an ghealach tar éis dorchú, agus táid na réiltíní tar éis a solais do tharrac siar. 16 Agus beidh an Tiarna ag búirthigh amach a Síon, agus ag cur a ghutha amach ó Iérúsalem. Agus beidh neamh agus talamh dá suathadh agus is é an Tiarna a bheidh 'na dhóchas ag á dhaoine, agus 'na neart ag claínn Israél. 17 Agus beidh ' fhios agaibh gur mise úr dTiarna Dia; im chónaí ar mo chnuc naofa Síon. Agus beidh Iérúsalem naofa, agus ní bheidh daoine iasachta ag gabháil tríthi a thuilleadh. 18 Agus titfidh amach sa ló san go mbeid na sléibhte ag sileadh míseachta anuas agus go mbeid na cnuc ag scéith bainne, agus go mbeidh uisceacha ag rith trí aibhníbh uile Iúda: agus tiocfaidh tobar amach as tigh an Tiarna⁵ agus uisceóidh sé sruth na ndeilgne. 19 Beidh an Éigipt 'na huaigneas agus Edom in' fhiantas ídithe: toisc gur dheineadar an éagóir ar chlaínn Iúda agus gur dhoirteadar fuil neamhchiontach 'na dtír sin. 20 Agus beidh cónaí á dhéanamh i Iúdea go deó, agus i Iérúsalem⁶ ó shliocht go sliocht. 21 Agus glanfadsa a gcuid fola nár ghlanas cheana: agus déanfaidh an Tiarna cónaí i Síon.

Nótaí

1 *An crann ola*: this is a mistranslation, as the Douay Bible here has “the fig tree”.

1 *A shagartaibh*: this is the vocative plural, which sometimes appears with *-ibh*.

5 Caib. 3. véar. 18. “*Agus tiocfaidh tobar amach a tigh an Tiarna, &c*”. .i. tobar na ngrást san eaglais atá ag troid in aghaidh namhad ar an saol so, agus san eaglais atá fé bhua ar an saol eile: “*agus uisceóidh sé sruth na ndeilgne*”, .i. na hanamnacha a bhí roimis sin mar a bheadh drochthalamh gan ag fás as ach deilgne: nú, na hanamnacha a bhí dá gcéasadh le deacraibh agus le trioblóidíbh deilgneacha.

6 Véar. 20. “*Iúdea agus Iérúsalem*”. .i. an Iérúsalem sprideálta, .i. eaglais Chríost.